**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An dtagann forálacha an dlí náisiúnta lena leagtar síos coinníollacha chun cead buanchónaithe a fháil i mBallstát faoi raon feidhme an chlásail neamhghníomhaíochta in Airteagal 13 de Chinneadh Uimh. 1/80 an 19 Meán Fómhair 1980 maidir le forbairt an Chomhlachais, arna ghlacadh ag an gComhairle Comhlachais arna bunú leis an gComhaontú lena mbunaítear Comhlachas idir Comhphobal Eacnamaíochta na hEorpa agus an Tuirc arna shíniú an 12 Meán Fómhair 1963 in Ankara ag Poblacht na Tuirce, ar thaobh amháin, agus ag Ballstáit CEE agus ag an gComhphobal, ar aon taobh eile, arna thabhairt i gcrích, arna fhormheas agus arna dhaingniú thar ceann an Chomhphobail le Cinneadh 64/732/CEE ón gComhairle an ([2]) 23 Nollaig 1963?

2. Má thagann, an féidir a mheas go bhfuil déanamh níos dochraidína gcoinníollacha ama maidir le cead buanchónaithe a fháil do Bhallstát (is é sin le rá, na ceanglais íosta a leagtar síos maidir le fad réamhchónaithe agus réamhfhostaíochta náisiúnaigh eachtraigh sa Bhallstát a dhéanamh níos dochraidí) oiriúnach chun lánpháirtiú rathúil náisiúnach tríú tír a éascú?

([1]) Is ainm dlítheanach é ainm an cháisseo. Ní fhreagraíonn sé d'fhíorainm aon pháirtí sna himeachtaí.
([2]) IO 182, 12.12.1963, lch. 2906/63.

---

**Iarraidh ar réamhrialú ón Svea hovrätt, Patent- och marknadsöverdomstolen (an tSualainn) a taisceadh an 15 Meitheamh 2023 — Guldbrev AB v Konsumentombudsmannen**

**(Cás C-379/23, Guldbrev)**

(2023/C 296/25)

*Teanga an cháis: an tSualainnis*

**An chúirt a rinne an tarchur**

Svea hovrätt, Patent- och marknadsöverdomstolen

**Páirtithe sna príomhimeachtaí**

*Iarratasóir:* Guldbrev AB

*Cosantóir:* Konsumentombudsmannen

**Na ceisteanna a tharchuirtear:**

1. An ionann luacháil agus ceannach óir ó thomhaltóirí agus táirge (táirge comhcheangailte) de réir bhrí Airteagal 2(c), (d) agus (i) agus Airteagal 3(1) de Threoir 2005/29 ([1]) maidir le cleachtais tráchtála éagóracha idir gnólachtaí agus tomhaltóirí sa mhargadh inmheánach i gcás amhail an cás atá i gceist os comhair na cúirte náisiúnta?

2. Má thugtar freagra diúltach ar Cheist 1, an ionann luacháil óir sa chás atá i gceist os comhair na cúirte náisiúnta agus táirge de réir bhrí na treorach?

([1]) IO 2005 L 149, lch. 22.

---

**Achomharc arna thabhairt an 5 Iúil 2023 ag an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí i gcoinne bhreithiúnas na Cúirte Ginearálta (an tOchtú Dlísheomra, Comhdhéanamh Méadaithe) an 26 Aibreán 2023 i gCás T-557/20, an Bord Réitigh Aonair v an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí**

**(Cás C-413/23 P)**

(2023/C 296/26)

*Teanga an cháis: an Béarla*

**Páirtithe**

*Achomharcóir:* an Maoirseoir Eorpach um Chosaint Sonraí (MECS) (ionadaithe: D. Nardi, T. Zerdick, P. Candellier, X. Lareo, G. Devin, Gníomhairí)